Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2019 (OR. en)

14325/19

**Comhad Idirinstitiúideach: 2019/0151(COD)**

RECH 502
COMPET 756
EDUC 458

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14023/1/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11228/19+ADD1 |
| Ábhar: | An Rialachán maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)<br>*Cur chuige ginearálta páirteach* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 12 Iúil 2019, rinne an Coimisiún Eorpach, bunaithe ar Airteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a thograí a thíolacadh le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) 2021-2027, lena n-áirítear a gcuid measúnuithe tionchair[1]. D'eisigh an Coimisiún ceartúchán ar na measúnuithe tionchair an 1 Lúnasa 2019[2].

2. Beartaítear imchlúdach airgeadais EUR 3 billiún (i bpraghsanna reatha) chun EIT a chur chun feidhme sa chéad Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht eile, Fís Eorpach, don tréimhse 2021-2027.

[1] 11227/19 + ADD 1-2, 11228/19 + ADD1-2
[2] 11227/19 ADD 2 REV 1 agus 11228/19 ADD 2 REV 1

3. Ós rud é go bhfuil imchlúdach airgeadais ann chun EIT a chur chun feidhme sa Chlár Réime Fís Eorpach agus toisc go bhfuil Fís Eorpach nasctha leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), cuirtear forálacha a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu (Airteagal 23) idir lúibíní cearnacha (ní cuid den chur chuige ginearálta páirteach iad). Is comhlacht de chuid an Aontais, áfach, é EIT seachas Clár CAI.

4. Níl aithrisí mar chuid den chur chuige ginearálta páirteach ach an oiread.

5. Cheap Parlaimint na hEorpa an Feisire Marisa MATIAS (GUE-NGL) mar rapóirtéir ar Rialachán EIT. Níor vótáil an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh de chuid Pharlaimint na hEorpa ar an gcomhad go fóill. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim ar an 31 Deireadh Fómhair 2019[3]. An 18 Meán Fómhair 2019, chinn Coiste na mBuanionadaithe go rachfaí i gcomhairle le Coiste na Réigiún maidir le Rialachán EIT freisin[4]. Níl a thuairim tugtha aige go fóill.

## II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

6. I mí Iúil 2019, sheol Uachtaránacht na Fionlainne an plé sa Mheitheal um Thaighde. Le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa, bhailigh an Uachtaránacht tuairimí scríofa ginearálta agus sonracha araon maidir leis an togra ó na toscaireachtaí.

7. Le linn na tréimhse céanna, rinne an Mheitheal um Thaighde a machnamh i leith an mheasúnaithe tionchair ón gCoimisiún freisin. Ar deireadh, d'aithin na toscaireachtaí nach ndearnadh aon neamhghníomhartha ná earráidí fíorasacha tromchúiseacha sa mheasúnú tionchair ón gCoimisiún. Dá réir sin, thug an Mheitheal faoin scrúdú ar na tograí[5].

8. Bunaithe ar na tuairimí a bailíodh le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa, thíolaic an Uachtaránacht an chéad téacs comhréitigh maidir le dréacht-Rialachán EIT ag an Meitheal an 16 Meán Fómhair 2019. Ó bhí an cruinniú sin ann, rinne an Mheitheal dianscrúdú ar na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht a tugadh cothrom le dáta ar bhonn leanúnach.

---

[3] 14042/19 (cumhdaítear leis an tuairim Rialachán EIT agus an Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht araon)

[4] 12017/19

[5] 12193/19

9. Ina theannta sin, ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal an 14 Deireadh Fómhair 2019, thíolaic an Uachtaránacht an chéad téacs comhréitigh maidir leis an iarscríbhinn a ghabhann le dréacht-Rialachán EIT ina leagtar amach reachtanna EIT.

10. Le linn dhianphlé na Meithle, tugadh isteach roinnt athruithe tábhachtacha ar an togra ón gCoimisiún. Baineann siad sin go háirithe le neodracht ama a bhaint ó Rialachán EIT, ról na mBallstát agus an Choimisiúin i rialachas EIT, oscailteacht Phobail Eolais agus Nuálaíochta (PENanna) EIT i leith comhpháirtithe nua ionchasacha agus faireachán agus meastóireacht ar EIT agus ar PENanna,

11. Mhol an Coimisiún Rialachán EIT a leasú trí theicníc reachtach athmhúnlaithe, ag tabhairt le fios go n-áiritheodh sé sin soiléireacht dhlíthiúil níos fearr agus inléiteacht níos fearr, agus go mbeadh sé neodrach ó thaobh ama de[6]. Le linn an phlé a rinneadh ar leibhéal na Meithle, tháinig sé chun solais, mar sin féin, nach mbeadh an chuid is mó de na Ballstáit in ann glacadh leis an neodracht ama. Theastaigh ó roinnt Ballstát tagairtí comhchosúla do neodracht ama a chur le Rialachán EIT mar atá molta acu do Chláir áirithe CAI. Ina theannta sin, de réir na mBallstát, cuireadh cosc orthu leis an teicníc athmhúnlaithe na hathruithe a mheas siad a bheith riachtanach a dhéanamh, a mhéid a bhain, mar shampla, leis na naisc leis an gClár Réime Fís Eorpach agus go háirithe na forálacha maidir leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha. Dá bhrí sin, tá modhnuithe molta ag an Uachtaránacht sa téacs chun freagairt d'ábhair imní na mBallstát.

[6] Tugann neodracht ama le tuiscint nach mbeadh gá Rialachán EIT a oiriúnú a thuilleadh i dtimthriallta CAI ina dhiaidh sin.

12. Neartaíodh ról na mBallstát agus an Choimisiúin maidir le rialachas EIT sa Rialachán EIT agus san iarscríbhinn a ghabhann leis, reachtanna EIT araon. Feidhmeoidh Bord Rialaithe EIT a chuid freagrachtaí faoi mhaoirseacht an Choimisiúin agus misean agus cuspóirí EIT á gcur chun feidhme chur chun feidhme aige. Ina theannta sin, beidh gá le comhaontú ón gCoimisiún chun cinntí tábhachtacha áirithe de chuid an Bhoird Rialaithe a dhéanamh. Tabharfaidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát comhairle don Bhord Rialaithe agus do Stiúrthóir EIT maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Cuireadh cúraimí an ghrúpa sin le roinn ar leith sna reachtanna.

13. Treisíodh freisin oscailteacht PENanna EIT i leith comhpháirtithe nua ionchasacha. Leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, tugtar isteach go leor athruithe sa togra ón gCoimisiún lena áirithiú go mbeidh PENanna níos oscailte agus níos trédhearcaí. Tá neartú na n-éiceachóras nuálaíochta ar bhealach oscailte agus trédhearcach curtha leis mar ghné thábhachtach amháin de mhisean agus de chuspóirí EIT.

14. Le forálacha nua, treisítear an faireachán agus an mheastóireacht a dhéantar ar oscailteacht chomh maith le hinbhuanaitheacht airgeadais agus cost-éifeachtúlacht PENanna. Leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht, tugtar isteach faireachán níos fónta agus níos córasaí, lena ndírítear *inter alia* ar an dul chun cinn i dtreo na hinbhuanaitheachta airgeadais agus i dtreo cumhdach agus oscailteacht uile-Eorpach. Tacóidh an faireachán le Bord Rialaithe EIT cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le bearta ceartaitheacha a ghlacadh i gcás tearcfheidhmiú PENanna, go soláthraíonn siad torthaí nach bhfuil leordhóthanach nó go bhfuil easpa breisluacha Eorpaigh ann.

15. Scrúdaíodh na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht maidir le dréacht-Rialachán EIT agus reachtanna EIT ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal um Thaighde an 4, 7, 8 agus an 11 Samhain 2019. Bunaithe ar an bplé a rinneadh, thug an Uachtaránacht tuilleadh athruithe isteach sa téacs d'fhonn an téacs comhréitigh a ullmhú do Coreper.

16. Ar an 20 Samhain 2019, phléigh Coreper na saincheisteanna is mó atá fós gan réiteach sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht.

17. Thíolaic toscaireachtaí na Portaingéile agus na Slóivéine togra comhpháirteach maidir le hAirteagail 2(8), 7(2) agus 19 den téacs. De réir na dtoscaireachtaí sin, d'fhreastalódh a gcuid tograí ar na hábhair imní atá fós ann maidir leis an Scéim Nuálaíochta Réigiúnach agus an ról atá aici maidir le tacaíocht a chothú chun comhpháirtithe nua a mhealladh chuig PENanna, agus iad a lánpháirtiú iontu, cumhdach uile-Eorpach PENanna agus ról an phróisis chomhordaithe straitéisigh a neartú maidir le timpeallacht na comhpháirtíochta Eorpaí a mhúnlú. Tacaíodh go forleathan leis an togra maidir le hAirteagal 2(8) ag Coreper agus chomhaontaigh an Uachtaránacht é a chur isteach sa téacs atá san iarscríbhinn. De réir na hUachtaránachta, is cosúil go raibh fadhb ag roinnt mhaith Ballstát leis an modhnú atá beartaithe in Airteagal 7 (cumhdach EIT) agus nach mbeadh an modhnú atá beartaithe in Airteagal 19 (nasc le Fóram chomhpháirtíochtaí Fís Eorpach) i gcomhréir le Fís Eorpach agus lena próiseas pleanála straitéisí, go háirithe maidir le comhpháirtíochtaí institiúidithe Eorpacha eile. D'fhéadfaí é a léiriú, áfach, sa Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht a bheidh fós á phlé. Dá bhrí sin, chinn an Uachtaránacht nach bhféadfaí athruithe eile seachas an ceann atá in Airteagal 2(8) a dhéanamh ar an téacs.

18. Ba í an neodracht ama an t-aon phríomh-shaincheist a bhí fós gan réiteach agus déanfar tuilleadh forbartha uirthi thíos i gCaibidil III.

## III. AN tSAINCHEIST IS MÓ ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

19. Neodracht ama Rialachán EIT:[7]: Ag cruinniú Coreper, mhínigh an Uachtaránacht go bhfuil deireadh beagnach curtha aici le neodracht ama Rialachán EIT trí thagairt a dhéanamh don tréimhse buiséid 2021-2027 in Airteagail 3 agus 20 dá togra comhréitigh, chomh maith le tagairt a dhéanamh do Fís Eorpach i gcomhthéacs an chur chuige comhpháirtíochta. I gcás na hUachtaránachta, d'fhéad sin cúram a dhéanamh d'ábhair imní na mBallstát.

20. Ba léir, mar sin féin, nár leor do roinnt Ballstát na hathruithe thuasluaite a thug an Uachtaránacht isteach. Tacaíodh go forleathan le hathrú a mhol toscaireacht na Gearmáine in Airteagal 27 deireadh a chur leis an neodracht ama trí thréimhse shoiléir a thabhairt isteach maidir le hinfheidhmeacht Rialachán EIT. Thabharfadh an t-athrú seo le tuiscint nach mbeadh Rialachán EIT infheidhme a thuilleadh tar éis 2027.

21. Mhol an Uachtaránacht gach tagairt don Chlár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a athrú go tagairtí do Fís Eorpach agus chuir sí in iúl go ndéanfadh sí machnamh ar chlásal maidir le hathbhreithniú a thabhairt isteach sa Rialachán, agus béim á leagan aici ar an ngá atá le hathbhreithniú fairsing, críochnúil a dhéanamh ar an Rialachán roimh an gcéad CAI eile, chun freastal ar na hábhair imní atá ag na Ballstáit maidir le neodracht ama.

22. Is féidir na hathruithe a luaitear thuas i míreanna 17 agus 21 a fháil in Airteagail 2(2), 2(7), 2(8), 3, 4(1), 4(2), 6, 8, 9(1), 9(2), 10, 11(2), 16(1a), 18(2), 19(2), 20(1) agus 22(2) den Iarscríbhinn. I gcomparáid leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht a cuireadh faoi bhráid Coreper[8], léirítear na hathruithe sin san iarscríbhinn i **gcló trom a bhfuil líne fúthu** i gcás téacs nua agus [...] i gcás téacs a scriosadh.

23. Tar éis an phlé, chinn Coreper an téacs san iarscríbhinn a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) don chruinniú a bheidh aici an 28-29 Samhain 2019, leis na hathruithe a comhaontaíodh mar a léirítear san iarscríbhinn iad agus leis an bpríomh-shaincheist atá fós gan réiteach mar a léirítear thuas i gCaibidil III.

---

[7] AT, CY, CZ, DE, DK, EL, ES, LV, LT, MT, PL, PT, SI, SK: grinnscrúdú a bhaineann le neodracht ama Rialachán EIT.

[8] 14023/1/2019 REV1.

24. D'fhógair an Ostair go dtíolacfaidh sí ráiteas maidir le hAirteagal 2(8) (sainmhíniú ar an Scéim Nuálaíochta Réigiúnach).

25. Tá forchoimeádas iomlán ag an gCoimisiún maidir leis an togra comhréiteach ina iomláine.

## IV. CONCLÚID

26. Iarrtar ar an gComhairle an cur chuige ginearálta páirteach a ghlacadh mar a leagtar amach é san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

**IARSCRÍBHINN**

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[9],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[10],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

[9] IO C […], […], lch. […].
[10] IO C […], […], lch. […].

*Airteagal 1*

**Ábhar**

1. Bunaítear leis seo Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht ( 'EIT').

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'nuálaíocht' an próiseas, lena n-áirítear toradh an phróisis sin, trína bhfreagraíonn smaointe nua do riachtanais nó d'éileamh ón tsochaí, ón gcomhshaoil nó ón ngeilleagar agus trína ngintear táirgí nua, próisis nua, seirbhísí nua nó múnlaí nua gnó agus eagraíochta a thugtar isteach go rathúil i margadh atá ann cheana nó atá ábalta margaí nua a chruthú agus a thugann luach don tsochaí;

(2) ciallaíonn 'Pobal Eolais agus Nuálaíochta' (PEN) comhpháirtíocht ar mhórscála Eorpach dá dtagraítear [...] i **Fís Eorpach**, d'institiúidí ardoideachais, d'eagraíochtaí taighde, de chuideachtaí agus de gheallsealbhóirí eile i bpróiseas na nuálaíochta i bhfoirm líonra straitéisigh, gan beann ar an bhfoirm dhlíthiúil bheacht atá aige, atá bunaithe ar phleanáil nuálaíochta chomhpháirteach sa mheántéarma agus san fhadtéarma chun dúshláin EIT a chomhlíonadh agus chun cuidiú le baint amach na gcuspóirí arna mbunú faoi [...] **Fís Eorpach**;

(3) ciallaíonn 'eagraíocht chomhpháirtíochta' aon eintiteas dlítheanach ar comhalta de PEN í, agus féadfar a áireamh leis, go háirithe, institiúidí ardoideachais, soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna, eagraíochtaí taighde, cuideachtaí poiblí nó cuideachtaí príobháideacha, institiúidí airgeadais, údaráis réigiúnacha agus údaráis áitiúla, fondúireachtaí agus eagraíochtaí neamhbhrabúsach;

(4) ciallaíonn 'eagraíocht taighde' aon eintiteas dlítheanach poiblí nó príobháideach a bhfuil cúram an taighde nó na forbartha teicniúla ar cheann dá phríomhchuspóirí;

(5) ciallaíonn 'institiúid ardoideachais' ollscoil nó aon sórt institiúide ardoideachais a chuireann céimeanna agus dioplómaí ar fáil go háirithe ar leibhéal máistreachta nó dochtúireachta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, gan beann ar an ainmníocht atá aici sa chomhthéacs náisiúnta;

(6) ciallaíonn 'Comhphobal EIT' EIT agus comhphobal gníomhach na ndaoine aonair agus na n-eintiteas dlítheanach uile a bhain nó a bhaineann sochar as tacaíocht nó ranníocaíocht airgeadais EIT;

(7) ciallaíonn 'Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht' ('COSN') gníomh ina leagtar amach réimsí tosaíochta agus straitéis EIT i leith tionscnaimh a thabharfar fúthu amach anseo, a acmhainneacht chun an breisluach nuálaíochta is fearr a ghiniúint, mar aon le cuspóirí, príomhghníomhaíochtaí, a mhodh oibríochta, na torthaí a mbeifear ag súil leo agus na hacmhainní is gá lena gcumhdaítear [...] **<u>Fís Eorpach</u>** agus CAI;

(8) ciallaíonn 'Scéim Nuálaíochta Réigiúnach' ('SNR') scéim lena gcothaítear comhtháthú an triantáin eolais agus acmhainneacht nuálaíochta tíortha, **<u>go háirithe trí chomhpháirtithe nua a mhealladh chuig PENanna agus a lánpháirtiú iontu</u>**;

(8a) ciallaíonn 'Grúpa Ionadaithe na mBallstát' grúpa ionadaithe ó na Ballstáit agus ó thíortha comhlachaithe a chuirtear ar an eolas faoi fheidhmíocht agus faoi ghníomhaíochtaí EIT agus PENanna agus faoina bhfuil bainte amach acu, go háirithe maidir le torthaí faireacháin agus meastóireachta, agus tugann sé comhairle dóibh maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, agus comhroinneann sé taithí leo.

(9) ciallaíonn 'Fóram na nGeallsealbhóirí' ardán atá oscailte d'ionadaithe institiúidí an Aontais, údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, do leasa eagraithe agus d'eintitis aonair ó ghnó, ón ardoideachas, ó thaighde, ó chomhlachais, ón tsochaí shibhialta agus ó chnuas-eagraíochtaí, mar aon le páirtithe leasmhara eile ó thriantán an eolais;

(10) ciallaíonn 'plean gnó PEN' doiciméad ina gcuirtear síos ar na cuspóirí, ar na bealaí lena mbaint amach agus ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó PEN don tréimhse ábhartha, chomh maith le gníomhaíochtaí breisluacha PEN a bheartaítear agus na riachtanais agus na hacmhainní gaolmhara airgeadais, agus tá sé i gceangal leis an gcomhaontú deontais;

(11) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí breisluacha PEN' gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí comhpháirtíochta i gcomhréir le plean gnó PEN, lena gcuirtear le comhtháthú thriantán eolais an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bunaithe, riaracháin agus comhordaithe PENanna, agus lena gcuirtear le cuspóirí foriomlána EIT;

(12) ciallaíonn 'meabhrán comhair' comhaontú idir EIT agus PEN, gan aon ranníocaíocht airgeadais ó EIT, arb é is aidhm dó PEN a choimeád ina bhall gníomhach de Chomhphobal EIT tar éis dháta deiridh an chreat-chomhaontaithe comhpháirtíochta, agus [...] a áireamh ar an meabhrán sin na coinníollacha maidir le rochtain ar ghlaonna iomaíocha EIT le haghaidh roinnt gníomhaíochtaí sonracha;

(13) ciallaíonn 'inbhuanaitheacht airgeadais' acmhainneacht PEN a ghníomhaíochtaí triantáin eolais a mhaoiniú go neamhspleách ar ranníocaíochtaí ó EIT.

*Airteagal 3*

**Misean agus cuspóirí**[11]

Is é misean EIT cur le fás eacnamaíoch inbhuanaithe an Aontais agus le hiomaíochas trí acmhainneacht nuálaíochta na mBallstát uile agus an Aontais a athneartú chun dul i ngleic leis na mórdhúshláin a gcaithfidh an tsochaí aghaidh a thabhairt orthu. Déanfar sin trí shineirgí, comhtháthú agus comhar a chur chun cinn san ardoideachas, taighde agus nuálaíocht ar na caighdeáin is airde, lena n-áirítear trí fhiontraíocht a chothú, agus éiceachórais na nuálaíochta a neartú ar an gcaoi sin, ar bhealach oscailte agus trédhearcach.

Don tréimhse buiséid 2021-2027, leanfaidh EIT de bheith ag baint amach cuspóirí ginearálta agus cuspóirí sonracha [...] **Fís Eorpach**, agus an phleanáil straitéiseach á cur san áireamh ina hiomláine.

*Airteagal 4*

**COSN**[12]

1. Saineoidh COSN na réimsí tosaíochta agus an straitéis do EIT don tréimhse seacht mbliana lena mbaineann, i gcomhréir le cuspóirí agus tosaíochtaí [...] **Fís Eorpach**, agus áireofar air measúnú ar a thionchar socheacnamaíoch agus ar a acmhainneacht an breisluach nuálaíochta is fearr a ghiniúint. Déanfar COSN a ailíniú le ceanglais tuairiscithe, faireacháin agus meastóireachta agus le ceanglais eile [...] **Fís Eorpach** agus déanfar torthaí an fhaireacháin agus na meastóireachta ar EIT, dá dtagraítear in Airteagal 19, a chur san áireamh ann.

---

[11] BG, EE, SI: grinnscrúdú
[12] FR, SI: grinnscrúdú

2. Cuirfidh COSN san áireamh pleanáil straitéiseach [...] **<u>Fís Eorpach</u>** lena n-áiritheofar comhleanúnachas le dúshláin an chláir sin, chomh maith le comhlántacht le EIC a bhunaítear faoi Fís Eorpach, agus bunófar agus cothófar na sineirgí agus an chomhlántacht iomchuí idir gníomhaíochtaí EIT agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, cláir ábhartha náisiúnta agus cláir ábhartha réigiúnacha a thacaíonn le taighde agus nuálaíocht, oideachas agus forbairt scileanna, tionscal inbhuanaithe agus iomaíoch, fiontraíocht, agus forbairt réigiúnach.

3. Cuimseoidh COSN meastachán ar riachtanais airgeadais agus ar fhoinsí airgeadais i dtaca le hoibriú EIT amach anseo, lena fhorbairt fhadtéarmach agus lena chistiú. Beidh plean airgeadais táscach ann freisin a chlúdóidh tréimhse an CAI ábhartha.

4. Cuirfidh EIT a ionchur isteach don togra ón gCoimisiún maidir le COSN.

5. Ag gníomhú dóibh ar an togra ón gCoimisiún, glacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle COSN i gcomhréir le hAirteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 5*

**Rialachas EIT**[13]

1. Is iad seo comhlachtaí EIT :

   (a) Bord Rialaithe ar a mbeidh comhaltaí ardleibhéil a bhfuil taithí acu ar an oideachas, taighde, nuálaíocht agus gnó. Beidh sé freagrach as gníomhaíochtaí EIT a stiúradh, as PENanna a roghnú, a ainmniú, a mhaoiniú, as faireachán agus as meastóireacht a dhéanamh orthu, agus as gach cinneadh straitéiseach eile;

[13] HU: grinnscrúdú

(b) Bord Feidhmiúcháin arb é a bheidh ann comhaltaí roghnaithe agus Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe. Tabharfaidh sé cúnamh don Bhord Rialaithe a chúraimí a chomhlíonadh agus ullmhóidh sé cruinnithe an Bhoird Rialaithe i gcomhar leis an Stiúrthóir;

(c) Stiúrthóir, arna cheapadh ag an mBord Rialaithe, a bheidh ina ionadaí dlíthiúil ar EIT agus a bheidh freagrach as cinntí an Bhoird Rialaithe a chur chun feidhme, as oibríochtaí EIT agus as EIT a bhainistiú ó lá go lá;

(d) Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, ar feidhm í a bheidh ag oibriú go hiomlán neamhspleách agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha, a chuirfidh comhairle ar an mBord Rialaithe agus ar an Stiúrthóir maidir le bainistíocht airgeadais agus riaracháin agus maidir le struchtúir rialaithe laistigh de EIT, maidir le heagrú nasc airgeadais le PENanna, agus maidir le haon ábhar eile a n-iarrfaidh an Bord Rialaithe comhairle uirthi ina leith.

1a. Tá Grúpa Ionadaithe na mBallstát comhdhéanta d'ionadaí amháin ó gach Ballstát agus ó gach tír chomhlachaithe. Tabharfaidh sé comhairle don Bhord Rialaithe agus don Stiúrthóir maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.

2. Leagtar amach na forálacha mionsonraithe maidir le rialachas EIT i reachtanna EIT, atá i gceangal leis an Rialachán seo.

*Airteagal 6*

**Cúraimí**

Chun an misean agus na cuspóirí atá aige a bhaint amach, déanfaidh EIT an méid seo a leanas go háirithe:

(a) sainaithneoidh sé a phríomhthosaíochtaí agus a phríomhghníomhaíochtaí i gcomhréir le COSN agus cuirfidh sé chun feidhme iad i gcomhréir le rialacha agus forálacha infheidhme [...] **<u>Fís Eorpach</u>**;

(b) áiritheoidh sé oscailteacht agus músclóidh sé feasacht i measc eagraíochtaí comhpháirtíochta ionchasacha nua agus rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí sin ina ghníomhaíochtaí a spreagadh ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí SNR, trí thógáil ar líonraí faisnéise agus struchtúir atá ann cheana;

(c) roghnóidh agus ainmneoidh sé PENanna sna réimsí tosaíochta i gcomhréir le hAirteagal 9 agus saineoidh sé a gcearta agus a n-oibleagáidí trí chreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta agus comhaontuithe deontais, déanfaidh sé maoirseacht orthu agus cuirfidh sé an tacaíocht iomchuí agus treoir straitéiseach ar fáil dóibh, trí bhearta rialaithe cáilíochta iomchuí a chur i bhfeidhm, agus déanfaidh sé dlúthfhaireachán ar a gcuid gníomhaíochtaí ar bhonn bliantúil agus déanfaidh sé meastóireacht orthu go tráthrialta, agus déanfaidh sé bearta ceartaitheacha nuair is iomchuí;

(d) áiritheoidh sé go ndéanfar leibhéal iomchuí comhordaithe agus éascóidh sé cumarsáid agus comhar téamach idir PENanna agus seolfaidh sé glaonna ar ghníomhaíochtaí tras-PEN agus ar sheirbhísí comhroinnte;

(e) neartóidh sé an cur chun cinn lasmuigh de Chomhphobal EIT de chéimeanna agus dioplómaí a bhfuil lipéad EIT orthu, ar céimeanna agus dioplómaí iad a bhronnann institiúidí ardoideachais rannpháirteacha agus iad a leathnú chuig cláir foghlama ar feadh an tsaoil;

(f) cuirfidh sé scaipeadh na gcleachtas is fearr chun cinn ar mhaithe le comhtháthú thriantán an eolais, lena n-áirítear i measc PENanna agus ar fud an Aontais *inter alia* trí EIT SNR, chun comhchultúr aistrithe nuálaíochta agus eolais a fhorbairt;

(g) cothóidh sé barr feabhais san ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, go háirithe trí PENanna a chur chun cinn mar chomhpháirtithe nuálaíochta den scoth;

(h) cuirfidh sé cineálacha cur chuige ildisciplíneacha maidir le nuálaíocht chun cinn, lena n-áirítear réitigh theicneolaíocha, shóisialta agus neamhtheicneolaíocha, cineálacha cur chuige eagraíochta agus múnlaí nua gnó a chomhtháthú;

(i) áiritheoidh sé go mbeidh comhlántacht agus sineirge ann idir gníomhaíochtaí EIT agus cláir eile de chuid an Aontais, i gcás inarb iomchuí;

(j) eagróidh sé cruinnithe rialta de chuid Fhóram na nGeallsealbhóirí le heolas a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí EIT, maidir lena thaithí, lena dhea-chleachtais agus lena ionchur le beartais agus cuspóirí an Aontais i leith nuálaíochta, taighde agus oideachais, chomh maith le beartais agus cuspóirí eile de chuid an Aontais nuair is ábhartha, agus chun a cheadú do gheallsealbhóirí a ndearcthaí a chur in iúl;

(k) cruinnithe den Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát a eagrú, dhá uair ar a laghad sa bhliain, agus iad neamhspleách ar chruinnithe d'Fhóram na nGeallsealbhóirí. Éascóidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát freisin na sineirgí agus na comhlántachtaí iomchuí idir gníomhaíochtaí EIT agus gníomhaíochtaí PEN le cláir náisiúnta agus tionscnaimh náisiúnta, lena n-áirítear an cómhaoiniú náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí PEN;

(l) ceapfaidh sé agus comhordóidh sé gníomhaíochtaí tacaíochta arna ndéanamh ag PENanna chun acmhainneacht fiontraíochta agus nuálaíochta institiúidí ardoideachais a fhorbairt agus chun iad a chomhtháthú in éiceachórais nuálaíochta.

*Airteagal 7*

**PENanna**

1. Tabharfaidh PENanna go háirithe faoin méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí nuálaíochta lena mbaineann breisluach Eorpach, lena n-áirítear cruthú gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus forbairt gnólachtaí nuálacha a éascú, i gcomhlántacht le EIC agus InvestEU, agus comhtháthú iomlán á dhéanamh ar na diminsin ardoideachais agus taighde chun mais chriticiúil a bhaint amach, agus scaipeadh agus saothrú torthaí á spreagadh;

(b) taighde, turgnamh, fréamhshamhaltú agus taisealbhadh nuálaíocht-tiomáinte i réimsí ríthábhachtacha ó thaobh an gheilleagair, an chomhshaoil agus na sochaí de, a tharraingíonn ar na torthaí a eascraíonn as taighde an Aontais agus as taighde náisiúnta, agus a d'fhéadfadh iomaíochas an Aontais a neartú ar an leibhéal idirnáisiúnta agus réitigh a fháil ar na dúshláin mhóra atá roimh shochaí na hEorpa;

(c) gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna go háirithe ar leibhéal máistreachta agus dochtúireachta, chomh maith le cúrsaí oiliúna gairmiúla, i réimsí a bhfuil sé de chumas iontu riachtanais shocheacnamaíocha na hEorpa sa todhchaí a shásamh, agus a dhéanann bonn sárchumais an Aontais a leathnú amach, agus a chothaíonn forbairt scileanna a bhaineann le nuálaíocht, feabhsú scileanna bainistíochta agus fiontraíochta agus soghluaisteacht taighdeoirí agus mac léinn, agus comhroinnt eolais, meantóireacht agus líonrú i measc tairbhithe ghníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna EIT, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a bhfuil lipéad EIT ag gabháil leo;

(d) gníomhaíochtaí for-rochtana agus scaipeadh na gcleachtas is fearr in earnáil na nuálaíochta agus béim ar fhorbairt an chomhair idir earnálacha an ardoideachais, an taighde agus an ghnó, lena n-áirítear na hearnálacha seirbhíse agus airgeadais;

(e) sineirgí agus comhlántachtaí a lorg idir gníomhaíochtaí PEN agus cláir Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha atá ann cheana, agus comhoibriú le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile i gcás inarb iomchuí;

(f) cistí a shlógadh ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha. Féachfaidh siad, go háirithe, le sciar méadaitheach dá mbuiséad a bhailiú ó fhoinsí príobháideacha agus ó ioncam a ghinfear óna gcuid gníomhaíochtaí féin, i gcomhréir le hAirteagal 17.

2. Gan dochar do na creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta agus do na comhaontuithe deontais idir EIT agus PENanna, beidh neamhspleáchas substaintiúil ag PENanna a n-eagrúchán inmheánach agus a gcomhdhéanamh inmheánach a shainiú, chomh maith lena gclár oibre agus a modhanna oibre, a fhad is a bheidh de thoradh orthu dul chun cinn chun cuspóirí PENanna agus EIT a bhaint amach, agus plean straitéiseach agus treoracha straitéiseacha EIT arna leagan amach in COSN agus ag an mBord Rialaithe á gcur san áireamh ag an am céanna. Déanfaidh PENanna, go háirithe, an méid seo a leanas:[14]

(a) socruithe rialachais inmheánacha a bhunú a thugann léargas ar an triantán eolais arb éard atá ann an t-ardoideachas, an taighde agus an nuálaíocht;

(b) a n-oscailteacht a áirithiú agus a chur chun cinn trí chritéir aontachais shoiléire thrédhearcacha, lena n-áirítear trí ghlaonna oscailte, do gach eagraíocht chomhpháirtíochta nua fhéideartha ar fud an Aontais a chuireann luach leis an gcomhpháirtíocht;[15]

(c) feidhmiú ar shlí oscailte thrédhearcach;

(d) pleananna gnó PEN a bhunú agus a chur chun feidhme;

(e) straitéisí a bhunú agus a chur chun feidhme chun an inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach.

3. Beidh an caidreamh idir EIT agus gach PEN bunaithe ar chreat-chomhaontuithe comhpháirtíochta, ar chomhaontuithe deontais nó, faoi réir fhorálacha Airteagal 11(4), ar mheabhráin chomhair.

[14] BG: grinnscrúdú
[15] CY, LT, LV, MT, PT, SI, SK: grinnscrúdú

*Airteagal 8*

**Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh**

Beidh feidhm ag rialacha maidir le rannpháirtíocht agus leathadh [...] **Fís Eorpach**. De mhaolú ar na rialacha sin:

(a) is in Airteagal 9(3) agus (4) den Rialachán seo a leagtar amach na híoschoinníollacha chun PEN a bhunú;

(b) féadfaidh feidhm a bheith ag rialacha sonracha i dtaca le húinéireacht, le cearta rochtana, le saothrú agus le leathadh maidir le gníomhaíochtaí breisluacha PEN.

*Airteagal 9*

**Roghnú PENanna**

1. Roghnóidh agus ainmneoidh EIT comhpháirtíocht le bheith ina PEN de réir nós imeachta iomaíoch, oscailte agus trédhearcach a bheith ann. Beidh feidhm ag coinníollacha agus critéir [...] **Fís Eorpach**, chomh maith le comhpháirtíochtaí Eorpacha a roghnú. Féadfaidh Bord Rialaithe EIT na critéir sin a shonrú a thuilleadh, trí chritéir chun PENanna a roghnú a ghlacadh agus a fhoilsiú, bunaithe ar phrionsabail na sármhaitheasa agus ábharthacht na nuálaíochta.

2. Seolfaidh EIT roghnú agus ainmniú PENanna de réir na réimsí tosaíochta agus an sceidil ama a shainítear in COSN, agus aird á tabhairt ar na tosaíochtaí mar a shainítear iad i bpleanáil straitéiseach [...] **Fís Eorpach**.

3. An t-íoschoinníoll a chuirtear le PEN a bhunú go mbeidh ar a laghad trí eagraíocht chomhpháirtíochta neamhspleácha rannpháirteach ann, a bheidh bunaithe i dtrí Bhallstát éagsúla ar a laghad.

4. I dteannta an choinníll a leagtar amach i mír 3, beidh dhá thrian ar a laghad de na heagraíochtaí comhpháirtíochta a bhunaíonn PEN bunaithe sna Ballstáit. Beidh institiúid ardoideachais amháin, eagraíocht taighde amháin agus cuideachta phríobháideach amháin ar a laghad ina gcuid de gach PEN.

5. Maidir leis na critéir agus na nósanna imeachta chun gníomhaíochtaí PENanna a mhaoiniú agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, glacfaidh agus foilseoidh EIT iad sula seolfar an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh PENanna nua. Déanfar Grúpa Ionadaithe na mBallstát a chur ar an eolas go pras fúthu.

*Airteagal 10*

**Prionsabail maidir le meastóireacht agus faireachán a dhéanamh ar PENanna**

Déanfaidh EIT, ar bhonn na dtáscairí agus na bhforálacha faireacháin a leagtar amach, *inter alia*, i [...] **Fís Eorpach** agus in COSN, agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, faireachán leanúnach agus meastóireachtaí seachtracha tráthrialta ar aschur, ar thorthaí agus ar thionchar gach PEN a eagrú. I gcomhthéacs an fhaireacháin agus na meastóireachta sin, déanfaidh EIT faireachán ar dhul chun cinn PENanna i dtreo inbhuanaitheacht airgeadais, cost-éifeachtúlacht agus oscailteacht i leith comhaltaí nua. Déanfar na torthaí faireacháin agus meastóireachtaí sin a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus cuirfear ar fáil don phobal iad.

*Airteagal 11*

**Ré, leanúint agus foirceannadh an chreat-chomhaontaithe comhpháirtíochta**

1. De mhaolú ar Airteagal 130(4)(c) den Rialachán Airgeadais, féadfaidh EIT creat-chomhaontú comhpháirtíochta a bhunú le PEN le haghaidh tréimhse tosaigh seacht mbliana.

1.a Bunaithe ar fhaireachán bliantúil PENanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 10, ullmhóidh EIT, faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe, athbhreithnithe eatramhacha ar fheidhmíocht agus ar ghníomhaíochtaí PENanna lena gcumhdófar na chéad trí bliana den chreat-chomhaontú comhpháirtíochta agus, i gcás síneadh, trí bliana tar éis a shínte.

2. Faoi réir feidhmíocht dhearfach, an athbhreithnithe eatramhaigh agus thoradh an mheasúnaithe chuimsithigh le tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha roimh dhul in éag na tréimhse tosaigh seacht mbliana, agus tar éis dul i gcomhairle le Grúpa Ionadaithe na mBallstát, féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh a dhéanamh fad a chur leis an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta le PEN tar éis na tréimhse tosaigh go ceann tréimhse eile nach faide ná seacht mbliana, é sin nó deireadh a chur le ranníocaíocht airgeadais EIT agus gan fad a chur leis an gcreat-chomhaontú comhpháirtíochta. Cuirfidh an Bord Rialaithe san áireamh, go háirithe, critéir [...] **Fís Eorpach** chun Comhpháirtíochtaí Eorpacha a chur chun feidhme, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu, baint amach na spriocanna a leagann PEN féin amach, iarrachtaí comhordúcháin PEN le tionscnaimh ábhartha eile taighde agus nuálaíochta, an leibhéal inbhuanaitheachta airgeadais atá bainte amach ag PEN, a acmhainneacht chun oscailteacht i leith comhaltaí nua a áirithiú agus an méid a bhaineann sé amach maidir le comhaltaí nua a mhealladh, laistigh de theorainneacha ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 20, breisluach AE agus ábharthacht maidir le cuspóirí EIT.

3. I gcás ina n-aimseoidh an faireachán, na hathbhreithnithe eatramhacha nó an measúnú cuimsitheach ar PEN dul chun cinn nach bhfuil leordhóthanach i réimsí dá dtagraítear in Airteagal 10 nó easpa breisluacha Eorpaigh, glacfaidh an Bord Rialaithe bearta ceartaitheacha iomchuí, lena n-áirítear ranníocaíocht airgeadais EIT a laghdú nó foirceannadh an chreat-chomhaontaithe comhpháirtíochta.

4. Faoi réir an toraidh a bheidh ar athbhreithniú deiridh a dhéanfar sula rachaidh an creat-chomhaontú comhpháirtíochta ar cuireadh síneadh leis in éag, féadfaidh EIT meabhrán comhair a thabhairt i gcrích le PEN.

*Airteagal 12*

**Céimeanna agus dioplómaí**

1. Bronnfaidh institiúidí ardoideachais rannpháirteacha céimeanna agus dioplómaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ardoideachais dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7(1) i gcomhréir le rialacha náisiúnta agus le nósanna imeachta náisiúnta creidiúnaithe.
Forálfaidh creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta agus comhaontuithe deontais idir EIT agus PENanna gur féidir céimeanna agus dioplómaí EIT a thabhairt mar theideal ar na céimeanna agus na dioplómaí sin chomh maith.

2. Spreagfaidh EIT na hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha chun:

(a) comhchéimeanna nó ilchéimeanna agus comhdhioplómaí nó ildioplómaí a bhronnadh, a léireoidh cineál comhtháite PENanna. Féadfaidh institiúid ardoideachais amháin iad seo a bhronnadh freisin, áfach;

(b) na cleachtais is fearr a scaipeadh maidir le saincheisteanna cothrománacha;

(c) na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

(i) gníomhaíocht an Aontais a dhéantar i gcomhréir le hAirteagail 165 agus 166 den Chonradh;

(ii) gníomhaíocht a dhéantar i gcomhthéacs an Réimse Ardoideachais Eorpaigh.

*Airteagal 13*[16]

**Neamhspleáchas oibríochtúil EIT agus comhsheasmhacht le gníomhaíocht an Aontais, le gníomhaíocht na mBallstát nó le gníomhaíocht idir-rialtasach**

1. Cuirfidh EIT a ghníomhaíochtaí i gcrích go neamhspleách ar údaráis náisiúnta agus ar bhrúnna seachtracha agus, ag an am céanna, beidh siad comhsheasmhach trí chomhordú a dhéanamh le gníomhartha agus le hionstraimí eile a bheidh le cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, go háirithe i réimsí an ardoideachais, an taighde agus na nuálaíochta.

---

[16] DK, SI: grinnscrúdú

3. Ina theannta sin, féachfaidh EIT le sineirgí agus comhlántachtaí a lorg trí bheartais agus tionscnaimh a chur san áireamh go hiomchuí ar leibhéal réigiúnach, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idir-rialtasach chun an úsáid is fearr a bhaint as dea-chleachtais, as coincheapa lánbhunaithe agus as acmhainní atá ann cheana féin.

*Airteagal 14*

**Stádas Dlíthiúil**

1. Beidh EIT ina chomhlacht de chuid an Aontais agus beidh pearsantacht dhlítheanach aige. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh na cumhachtaí dlíthiúla is leithne aige is féidir a bhronnadh ar dhaoine dlítheanacha faoin reachtaíocht náisiúnta. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

2. Beidh Prótacal Uimh. 7 maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh infheidhme maidir le EIT.

*Airteagal 15*

**Dliteanas**

1. Is é EIT amháin a bheidh freagrach as a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

2. Is iad na forálacha conarthacha ábhartha agus an dlí a mbeidh feidhm aige maidir leis an gconradh lena mbaineann a rialóidh dliteanas conarthach EIT. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais de bhun aon chlásal eadrána a bheidh i gconradh a thug EIT i gcrích.

3. I gcás dliteanas neamhchonarthach, cúiteoidh EIT, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon dochar a dhéanfaidh sé nó a sheirbhísigh i gcomhlíonadh a ndualgas.

Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid a bhaineann le cúiteamh a fháil as dochar den sórt sin.

4. Aon íocaíocht a dhéanfaidh EIT chun an dliteanas dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a chlúdach mar aon leis na costais agus an caiteachas a thabhaítear ina dtaobh sin, measfar gur caiteachas de chuid EIT iad agus clúdófar faoi acmhainní EIT iad.

5. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcaingne a thugtar in aghaidh EIT faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagail 263 agus 265 den Chonradh.

*Airteagal 16*

**Trédhearcacht agus rochtain ar dhoiciméid**

1. Áiritheoidh EIT agus PENanna go mbainfidh ardleibhéal trédhearcachta le reáchtáil a gcuid gníomhaíochtaí. Tionscnóidh EIT agus PENanna, go háirithe, suíomh gréasáin inrochtana, saor in aisce a chuirfidh eolas ar fáil maidir lena gcuid gníomhaíochtaí agus deiseanna a chuireann siad ar fáil.

1.a Tá faisnéis mhionsonraithe maidir leis na próisis faireacháin agus mheastóireachta agus torthaí ó gach glao ar thograí a eiseoidh EIT nó a PENanna le cur ar fáil go tráthúil agus le bheith inrochtana i mbunachar sonraí coiteann [...] **<u>Fís Eorpach</u>**.

2. Cuirfidh EIT a rialacha nós imeachta, a shainrialacha airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 22(1) agus na critéir mhionsonraithe chun PENanna a roghnú dá dtagraítear in Airteagal 9 ar fáil don phobal sula ndéanfaidh sé glaonna ar thograí a eisiúint chun PENanna a roghnú.

3. Foilseoidh EIT gan mhoill a dhoiciméad clársceidealaithe aonair agus a thuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 18.

4. Gan dochar do mhír 5 ná do mhír 6, ní sceithfidh EIT le tríú páirtithe faisnéis rúnda a fuair sé agus ar iarradh, ar chúis mhaith, go ndéileálfaí léi i modh rúnda.

5. Beidh comhaltaí chomhlachtaí EIT faoi réir an cheanglais rúndachta dá dtagraítear in Airteagal 339 den Chonradh.

Beidh an fhaisnéis a bhailíonn EIT i gcomhréir leis an Rialachán seo faoi réir Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17].

6. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] maidir leis na doiciméid a bheidh i seilbh EIT.

7. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958[19] maidir le EIT. Is é an Lárionad Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2965/1994[20] ón gComhairle, a chuirfidh na seirbhísí aistriúcháin is gá ar fáil i gcomhair fheidhmiú EIT.

*Airteagal 17*

**PENanna a mhaoiniú**

1. Maoineofar PENanna ó na foinsí seo a leanas, go háirithe:

(a) ranníocaíochtaí ó eagraíochtaí comhpháirtíochta, a bheidh ina bhfoinse shubstaintiúil chistiúcháin;

(b) ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit, ó thíortha comhlachaithe nó ó thríú tíortha nó ó údaráis phoiblí laistigh díobh sin;

(c) ranníocaíochtaí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta nó ó institiúidí idirnáisiúnta;

(d) ioncam a ghintear trí shócmhainní dílse agus trí ghníomhaíochtaí dílse PENanna agus trí ríchíosanna ó chearta maoine intleachtúla;

---

17 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

18 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

19 Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 17, 6.10.1958, lch. 385/58).

20 Rialachán (CE) Uimh. 2965/1994 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 lena mbunaítear Lárionad Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (IO L 314, 7.12.1994, lch. 1).

(e) dearlaicí caipitil;

(f) tiomnachtaí, deonacháin agus ranníocaíochtaí ó dhaoine aonair, ó institiúidí, ó fhondúireachtaí nó ó aon chomhlachtaí eile arna mbunú faoin dlí náisiúnta;

(g) an ranníocaíocht ó EIT;

(h) ionstraimí airgeadais, lena n-áirítear iad sin arna gcistiú ó bhuiséad ginearálta an Aontais.

2. Saineofar na rialacha mionsonraithe chun rochtain a fháil ar chistiú ó EIT i rialacha airgeadais EIT dá dtagraítear in Airteagal 22(1).

3. Gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad, féadfar iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta, ach faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar riachtanais airgeadais PENanna, riachtanais a bhunófar ar bhonn bliantúil.

4. Féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe iomlána ghníomhaíochtaí breisluacha PEN a chumhdach le ranníocaíocht airgeadais EIT le PENanna i gcéimeanna tosaigh shaolré PEN. Le himeacht ama, laghdófar ranníocaíocht den sórt sin de réir a chéile i gcomhréir leis na rátaí cistiúcháin a shainítear in COSN.

5. Féadfaidh PENanna nó a n-eagraíochtaí comhpháirtíochta cur isteach ar ranníocaíocht airgeadais ón Aontas, go háirithe faoi chuimsiú chláir agus chistí an Aontais, i gcomhréir lena rialacha faoi seach. Sa chás sin, leis an ranníocaíocht sin, ní chumhdófar na costais chéanna atá á gcistiú faoi chlár eile de chuid an Aontais cheana féin.

6. Ranníocaíochtaí ó eagraíochtaí comhpháirtíochta chun PENanna a mhaoiniú, cinnfear iad i gcomhréir leis na rátaí cistiúcháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo agus léireofar leo straitéis PENanna chun inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach.

7. Bunóidh EIT sásra um leithdháileadh bunaithe ar fheidhmíocht chun a ranníocaíocht airgeadais a dheonú ar PENanna. Áireofar ann measúnú a dhéanamh ar phleananna gnó agus ar fheidhmíocht PENanna arna thomhas le faireachán leanúnach i gcomhréir le hAirteagal 10 agus mar a thuairiscítear in COSN.

*Airteagal 18*

**Clárú agus tuairisciú**

1. Glacfaidh EIT doiciméad clársceidealaithe aonair, a bheidh bunaithe ar COSN, i gcomhréir lena rialacha airgeadais, ina mbeidh an méid seo a leanas:

   (a) ráiteas maidir le mórthosaíochtaí agus le mórthionscnaimh bheartaithe EIT agus PENanna;

   (b) meastachán ar riachtanais mhaoinithe agus ar fhoinsí maoinithe;

   (c) táscairí iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí PENanna agus EIT, agus úsáid á baint as cur chuige tionchar-dhírithe;

   (d) comhpháirteanna eile mar a leagtar síos ina rialacha airgeadais.

2. Glacfaidh EIT tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, ar tuarascáil í ina n-áireofar faisnéis chuimsitheach faoi na gníomhaíochtaí a rinne EIT agus PENanna i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin agus ar ionchur EIT i dtaca le cuspóirí [...] **Fís Eorpach**, agus le beartais agus cuspóirí an Aontais maidir le nuálaíocht, taighde agus oideachas. Chomh maith leis sin, déanfar na torthaí a mheasúnú inti maidir leis na cuspóirí, leis na táscairí agus leis an amchlár a socraíodh, leis na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích, le húsáid acmhainní agus le hoibriú ginearálta EIT. Áireofar leis an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí faisnéis chuimsitheach eile i gcomhréir le rialacha airgeadais EIT.

*Airteagal 19*[21]

**Faireachán agus meastóireacht ar EIT**

1. Áiritheoidh EIT go ndéanfar faireachán leanúnach agus córasach agus meastóireacht neamhspleách thráthrialta ar a ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a bhainistítear de bhíthin PENanna, i gcomhréir lena rialacha airgeadais, chun a áirithiú go mbainfear amach torthaí den chaighdeán is airde, barr feabhais eolaíochta agus an úsáid acmhainní is éifeachtaí is féidir. Cuirfear torthaí an fhaireacháin agus na meastóireachtaí ar fáil don phobal.

2. Forálfaidh an Coimisiún do mheastóireachtaí ar EIT le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha a roghnófar ar bhonn próiseas trédhearcach i gcomhréir lena rialacha airgeadais. Leis na meastóireachtaí sin, déanfar scrúdú ar an gcaoi ina gcomhlíonann EIT a mhisean agus a chuspóirí agus cumhdófar gníomhaíochtaí uile EIT agus PENanna agus déanfar breisluach Eorpach EIT a mheasúnú, mar aon le hoscailteacht, éifeachtacht, inbhuanaitheacht, éifeachtúlacht agus ábharthacht na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu agus a dtionchar ar fud an Aontais agus a chomhleanúnaí agus/nó a chomhlántaí agus atá siad le beartais ábhartha náisiúnta agus le beartais de chuid an Aontais, lena n-áirítear sineirgí le codanna eile de [...] **Fís Eorpach**. Cuirfidh siad tuairimí na ngeallsealbhóirí san áireamh, ar leibhéal na hEorpa agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus bainfear leas astu i meastóireachtaí clár de chuid an Choimisiúin dá bhforáiltear i [...] **Fís Eorpach**.

3. Féadfaidh an Coimisiún tabhairt faoi bhreis meastóireachtaí ar théamaí nó ar ábhair atá ábhartha go straitéiseach, le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha seachtracha ar saineolaithe iad a roghnófar ar bhonn próiseas trédhearcach, chun scrúdú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag EIT i dtreo na gcuspóirí a leagtar síos, chun na tosca a chuireann le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a shainaithint agus chun na dea-chleachtais is fearr a shainaithint. Agus na meastóireachtaí breise sin á ndéanamh aige, déanfaidh an Coimisiún an tionchar riaracháin ar EIT agus ar PENanna a bhreithniú go hiomlán.

---

[21] DE, DK, MT, PT, SI; grinnscrúdú

4. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachtaí, agus a bharúlacha in éineacht leo, in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. Tabharfaidh an Bord Rialaithe aird chuí ar thorthaí na meastóireachtaí i gcláir agus in oibríochtaí EIT.

*Airteagal 20*

**Buiséad EIT**

1. Beidh ranníocaíocht ón Aontas mar chuid d'ioncam EIT. Maidir le hioncam EIT, féadfar ranníocaíocht ó fhoinsí príobháideacha agus ó fhoinsí poiblí eile a áireamh ann freisin.

   Soláthrófar ranníocaíocht airgeadais an Aontais trí bhíthin ranníocaíocht ó [...] **<u>Fís Eorpach</u>** arna shocrú ag [EUR 3 000 000 000] le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 21 Nollaig 2027. Féadfaidh EIT acmhainní breise airgeadais ó chláir eile an Aontais a fháil.

2. Soláthrófar ranníocaíocht airgeadais EIT le PENanna ó ranníocaíocht an Aontais dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 21*

**An buiséad bliantúil a ullmhú agus a ghlacadh**

1. Bunófar ábhar agus struchtúr bhuiséad EIT i gcomhréir lena rialacha airgeadais. Cuimseoidh caiteachas EIT na costais foirne, riaracháin, bhonneagair agus oibríochta. Coinneofar caiteachas riaracháin chomh híseal agus is féidir. Beidh ioncam agus caiteachas ar comhardú.

2. Dréachtóidh an Stiúrthóir meastachán ar ioncam agus ar chaiteachas EIT don bhliain airgeadais dár gcionn agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig an mBord Rialaithe é.

3. Glacfaidh an Bord Rialaithe an dréachtmheastachán ar ioncam agus ar chaiteachas EIT, a mbeidh dréachtphlean bunaíochta ag gabháil leis, agus cuirfear ar aghaidh iad chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún mar chuid den doiciméad clársceidealaithe aonair faoin dáta a shonraítear i rialacha airgeadais EIT.

4. Glacfaidh an Bord Rialaithe buiséad EIT, a ndéanfar buiséad críochnaitheach de tar éis ghlacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. I gcás inarb iomchuí, coigeartófar é dá réir.

5. Tabharfaidh an Bord Rialaithe fógra don údarás buiséadach, a luaithe is féidir, faoi aon tionscadal atá ar intinn aige a chur chun feidhme a bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith aige ar chistiú bhuiséad EIT, go háirithe aon tionscadail a bhaineann le maoin amhail foirgnimh a fháil ar cíos nó a cheannach. Cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.

6. Leanfaidh aon leasú substaintiúil a dhéanfar ar an mbuiséad an nós imeachta céanna.

*Airteagal 22*

**Cur chun feidhme agus rialú an bhuiséid**

1. Glacfaidh EIT a rialacha airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 70(3) den Rialachán Airgeadais. Tabharfar aird chuí ar an ngá atá le solúbthacht oibríochtúil leordhóthanach chun go mbeidh EIT in ann a cuspóirí a bhaint amach agus comhpháirtithe ón earnáil phríobháideach a mhealladh agus a choinneáil.

2. Cuirfear chun feidhme an ranníocaíocht airgeadais le EIT ó [...] **<u>Fís Eorpach</u>** agus ó chláir eile de chuid an Aontais i gcomhréir le rialacha na gclár sin.

3. Cuirfidh an Stiúrthóir buiséad EIT chun feidhme.

4. Comhdhlúthófar cuntais EIT le cuntais an Choimisiúin.

*Airteagal 23*

**[Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

1. D'fhonn calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, beidh feidhm maidir le EIT ina iomláine ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22].

2. Aontóidh EIT do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le fiosruithe inmheánacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF)[23]. Déanfaidh an Bord Rialaithe an t-aontú sin a chur ar bhonn foirmiúil agus glacfaidh sé na bearta is gá chun cuidiú le OLAF fiosruithe inmheánacha a dhéanamh.]

*Airteagal 24*

**Foirceannadh EIT**

I gcás ina ndéanfar EIT a fhoirceannadh, déanfar é a leachtú faoi mhaoirseacht an Choimisiúin i gcomhréir leis na dlíthe is infheidhme. Is iad na creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta nó na comhaontuithe deontais le PENanna a leagfaidh síos na forálacha iomchuí i gcás den sórt sin.

*Airteagal 25*

**Reachtanna**

Leagtar amach Reachtanna EIT in Iarscríbhinn I.

---

**22** Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

**23** IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.

*Airteagal 26*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 294/2008.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 27*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpaThar ceann na Comhairle*

An tUachtarán An tUachtarán

# IARSCRÍBHINN I

*Reachtanna na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht*

## ROINN 1

*COMHDHÉANAMH AN BHOIRD RIALAITHE*

1.[24] Feidhmeoidh Bord Rialaithe EIT a fhreagrachtaí faoi mhaoirseacht an Choimisiúin maidir le misean agus cuspóirí EIT a chur chun feidhme.

Beidh 15 chomhalta ar an mBord Rialaithe, arna gceapadh ag an gCoimisiún, lena soláthrófar cothromaíocht idir iad siúd a bhfuil taithí acu ar ghnó, ar an ardoideachas agus ar thaighde. Ceithre bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Rialaithe. Féadfaidh an Coimisiún síneadh ama dhá bhliain a chur leis an téarma oifige sin ar thogra ón mBord Rialaithe.

Nuair is gá, cuirfidh an Bord Rialaithe gearrliosta iarrthóirí faoi bhráid an Choimisiúin maidir le comhalta nó comhaltaí nua a cheapadh. Roghnófar na hiarrthóirí gearrliostaithe ar bhonn an toraidh a bheidh ar nós imeachta trédhearcach oscailte arna thionscnamh ag EIT.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar an gcothromaíocht idir taithí ar an ardoideachas, (lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint), ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar ghnó agus ar chothromaíocht inscne agus gheografach agus ar thuiscint ar an timpeallacht oideachais, taighde agus nuálaíochta ar fud an Aontais.

Ceapfaidh an Coimisiún an comhalta nó na comhaltaí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin bpróiseas roghnúcháin agus faoi cheapachán deiridh chomhaltaí sin an Bhoird Rialaithe.

24 FR, HU: grinnscrúdú

I gcás nach mbeidh ar chumas comhalta a théarma oifige a chríochnú, ceapfar comhalta ionadaíoch tríd an nós imeachta céanna a úsáideadh chun an comhalta éagumasaithe a cheapadh, chun téarma oifige an chomhalta sin a chríochnú. Féadfaidh an Coimisiún comhalta ionadaíoch, a bhfuil téarma oifige níos lú ná dhá bhliain curtha isteach aige, a athcheapadh le haghaidh tréimhse ceithre bliana breise ar iarratas ón mBord Rialaithe.

Déanfaidh an Coimisiún triúr comhaltaí breise den Bhord Rialaithe a cheapadh chun cúigear comhaltaí déag a bhaint amach laistigh d'ocht mí déag tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh na baill sin den Bhord a ceapadh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a dtéarma oifige nach bhféadfar a athnuachan a chomhlíonadh.

I gcúinsí eisceachtúla a mbeidh bonn cirt cuí leo, go háirithe chun iontaofacht an Bhoird Rialaithe a choinneáil, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin, téarma oifige comhalta den Bhord a fhoirceannadh.

2. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Rialaithe chun leasa EIT, agus déanfaidh siad a spriocanna, a misean, a chéannacht, a neamhspleáchas agus a chomhsheasmhacht a choimirciú ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach.

**ROINN 2**

*FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD RIALAITHE*

1. Déanfaidh an Bord Rialaithe, agus é ag comhlíonadh a fhreagrachta chun gníomhaíochtaí EIT a stiúradh agus chun faireachán a dhéanamh orthu, cinntí straitéiseacha, go háirithe:

   (a) ionchur EIT faoin togra ón gCoimisiún maidir le Clár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht (COSN) EIT a ghlacadh;

   (b) doiciméad clársceidealaithe aonair, buiséad, cuntais bhliantúla agus clár comhardaithe agus tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí EIT a ghlacadh;

(c) critéir fhónta agus nósanna imeachta soiléire trédhearcacha a ghlacadh, maidir le PENanna a mhaoiniú bunaithe ar fheidhmíocht, lena n-áirítear an cinneadh maidir leis an méid uasta den ranníocaíocht chistiúcháin ó EIT a leithdháileadh orthu, i bhfianaise plean gnó ábhartha PEN a chur chun feidhme agus na cuspóirí a leagtar amach in COSN, agus i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo, a chomhlíonadh, lena n-áirítear dul chun cinn PENanna chun inbhuanaitheacht airgeadais a bhaint amach;

(d) nós imeachta roghnúcháin PENanna a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán seo agus le COSN;

(e) comhpháirtíocht a roghnú agus a ainmniú mar PEN nó an t-ainmniúchán a tharraingt siar;

(f) an Stiúrthóir a údarú chun creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta agus comhaontuithe deontais a ullmhú, a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le PENanna;

(fa) an Stiúrthóir a údarú chun meabhráin chomhair a ullmhú agus a chaibidliú le PENanna agus, tar éis na meabhráin a caibidlíodh a scrúdú, an Stiúrthóir a údarú chun iad a thabhairt i gcrích;

(g) an Stiúrthóir a údarú chun síneadh a chur le creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta le PENanna ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse a socraíodh i dtús báire, faoi réir thoradh sásúil an mheasúnaithe chuimsithigh, mar a thuairiscítear in COSN agus i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán seo sula rachaidh an tréimhse sin in éag i gcomhréir le hAirteagal 11;

(h) an Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe deontais a ullmhú, a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích le heintitis dhlítheanacha eile;

(i) nósanna imeachta faireacháin agus meastóireachta atá éifeachtach, éifeachtúil, trédhearcach agus leanúnach a ghlacadh, lena n-áirítear tacar fónta táscairí i gcomhréir le hAirteagail 10, 11, 18 agus 19 den Rialachán seo, agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme ag an Stiúrthóir;

(j) bearta ceartaitheacha iomchuí maidir le PENanna tearcfheidhmíochta a dhéanamh, lena n-áirítear ranníocaíocht airgeadais EIT le PENanna a laghdú, a mhodhnú nó a tharraingt siar nó leis na creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta leo a fhoirceannadh, bunaithe ar thorthaí an fhaireacháin agus an mheasúnaithe, i gcomhréir le cuspóirí EIT agus PENanna agus le hAirteagail 10, 11 agus 17 den Rialachán;

(ja) na PENanna a spreagadh chun samhlacha oibríochtúla a ghlacadh maidir le hoscailteacht i dtreo eagraíochtaí comhpháirtíochta nua;

(k) EIT a chur chun cinn ar fud an Aontais agus ar fud an domhain, d'fhonn a mhealltacht a mhéadú, agus an Stiúrthóir a údarú meabhráin tuisceana le Ballstáit, tíortha comhlachaithe nó tríú tíortha a shíniú chun na críche sin;

(l) cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí tacaíochta arna ndéanamh ag PENanna a cheapadh agus a chomhordú chun tionchar EIT ar fud an Aontais a leathnú chun acmhainneacht fiontraíochta agus nuálaíochta na n-institiúidí ardoideachais a fhorbairt, mar aon le hinstitiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna i gcás inarb iomchuí agus chun iad a chomhtháthú in éiceachórais nuálaíochta chun comhtháthú thriantán an eolais a athneartú.

2. Déanfaidh an Bord Rialaithe na cinntí imeachta agus oibríochta is gá chun cúraimí agus gníomhaíochtaí EIT a chomhlíonadh, go háirithe:

(a) a rialacha nós imeachta a ghlacadh, rialacha nós imeachta maidir leis an gCoiste Feidhmiúcháin, chomh maith le rialacha sonracha airgeadais EIT;

(aa) cúraimí sonracha a tharmligean chuig an gCoiste Feidhmiúcháin;

(b) táillí iomchuí do chomhaltaí an Bhoird Rialaithe agus do chomhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin a shainiú, a dhéanfar a thagarmharcáil i gcoinne luach saothair comhchosúil sna Ballstáit;

(c) nós imeachta a ghlacadh chun comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin a roghnú;

(d) an Stiúrthóir a cheapadh agus, más gá, síneadh ama a chur lena théarma nó lena téarma oifige nó an Stiúrthóir a chur as oifig, i gcomhréir le Roinn 5;

(e) an tOifigeach Cuntasaíochta agus comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin a cheapadh;

(f) cód dea-iompair a ghlacadh maidir le coinbhleachtaí leasa;

(g) grúpaí comhairleacha a bhunú, i gcás inarb iomchuí, a mbeidh cuspóir, cúraimí agus ré shainithe acu;

(h) Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú i gcomhréir le rialacha airgeadais EIT;

(i) cinneadh maidir le teangacha oibre EIT, agus prionsabail atá ann cheana maidir le hilteangachas agus riachtanais phraiticiúla a cuid oibríochtaí á gcur san áireamh;

(j) cruinniú ardleibhéil le PENanna a thionól ar bhonn bliantúil;

(k) tuairisciú ar chomhar PENanna le comhpháirtíochtaí Eorpacha eile.

3. Déanfaidh an Bord Rialaithe cinntí i gcomhréir le Rialacháin Foirne Oifigigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, arna leagan síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68[25] ón gComhairle, maidir le foireann EIT agus a choinníollacha fostaíochta, go háirithe:

(a) na bearta cur chun feidhme a ghlacadh le héifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne;

(b) na cumhachtaí arna dtabhairt ag na Rialacháin Foirne don Údarás Ceapacháin agus ag na Coinníollacha Fostaíochta don Údarás atá Cumhachtaithe chun Conradh Fostaíochta a Thabhairt chun Críche ('Cumhachtaí an Údaráis Cheapacháin') a fheidhmiú, i gcomhréir le pointe (c);

---

[25] IO L 56, 4.3, 1968, lch. 1.

(c) cinneadh a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 110(2) de na Rialacháin Foirne, bunaithe ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, lena ndéanfar cumhachtaí ábhartha an údaráis ceapacháin a tharmligean chuig an Stiúrthóir agus lena sonrófar na coinníollacha faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir na cumhachtaí sin a fho-tharmligean;

(d) cinneadh a ghlacadh, i gcás inar gá in imthosca fíoreisceachtúla, tarmligean chumhachtaí an údaráis ceapacháin chuig an Stiúrthóir a chur ar fionraí go sealadach, chomh maith leis na cumhachtaí arna bhfo-tharmligean ag an Stiúrthóir, agus iad a fheidhmiú é féin nó iad a tharmligean chuig duine dá chomhaltaí nó do bhall foirne eile seachas an Stiúrthóir.

**ROINN 3**

*FEIDHMIÚ AN BHOIRD RIALAITHE*

1. Toghfaidh an Bord Rialaithe a Chathaoirleach as measc a chomhaltaí. Dhá bhliain a mhairfidh téarma oifige an Chathaoirligh agus féadfar an téarma oifige a athnuachan aon uair amháin.

2. Beidh ionadaí ón gCoimisiún páirteach i gcruinnithe an Bhoird Rialaithe, gan an ceart vótála aige, ach beidh gá lena gcomhaontú i gcomhréir le mír 5. Beidh sé de cheart aige pointí a mholadh ar chlár oibre an Bhoird Rialaithe.

3. Beidh an Stiúrthóir rannpháirteach i gcruinnithe an Bhoird Rialaithe, gan an ceart vótála aige.

4. Déanfaidh an Bord Rialaithe cinntí a ghlacadh trí thromlach simplí dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu.

   Éileofar leis na cinntí faoi phointí (a), (b), (c), (d), agus (l) de Roinn 2(1) agus pointí (d) agus (i) de Roinn 2(2), agus faoi mhír 1 den Roinn seo, tromlach de dhá thrian dá chomhaltaí a bhfuil ceart vótála acu, áfach.

5. Maidir le cinntí ón mBord Rialaithe, faoi phointí (c), (e), (g), (i) agus (k) de Roinn 2(1), pointe (b) de Roinn 2(2) agus pointe (a) de Roinn 2(3), beidh gá le comhaontú an Choimisiúin, a bheidh á chur in iúl ag a ionadaí ar an mBord Rialaithe[26].

5a. Lorgóidh an Bord Rialaithe tuairim Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát sula ndéanfar cinntí maidir le síneadh a chur leis na creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta le PENanna nó iad a fhoirceannadh i gcomhréir le pointe (g) agus pointe (j) de Roinn 2(1) agus leis an meabhrán comhair le PEN a thabhairt i gcrích i gcomhréir le pointe (fa) de Roinn 2(1).

6. Tiocfaidh an Bord Rialaithe le chéile i ngnáthsheisiún ceithre huaire in aghaidh na bliana ar a laghad, agus tiocfaidh sé le chéile i seisiún urghnách nuair a thionólfaidh an Cathaoirleach é sin nó arna iarraidh sin d'aon trian dá chomhaltaí uile ar a laghad nó don ionadaí ón gCoimisiún.

**ROINN 4**

*AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN*

1. Tabharfaidh an Coiste Feidhmiúcháin cúnamh don Bhord Rialaithe i gcomhlíonadh a chúraimí.

2. Cúigear comhaltaí a bheidh ar an gCoiste Feidhmiúcháin, lena n-áirítear Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe a bheidh ina Chathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin chomh maith. Roghnóidh an Bord Rialaithe, seachas an Cathaoirleach, an ceathrar comhaltaí eile as líon chomhaltaí an Bhoird Rialaithe, lena soláthrófar cothromaíocht idir iad siúd a bhfuil taithí acu ar ghnó, ar an ardoideachas agus ar thaighde. Dhá bhliain a mhairfidh téarma oifige chomhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin agus féadfar an téarma oifige a athnuachan aon uair amháin.

3. An Coiste Feidhmiúcháin a dhéanfaidh cruinnithe an Bhoird Rialaithe a ullmhú i gcomhar leis an Stiúrthóir.

4. Féadfaidh an Bord Rialaithe a iarraidh ar an gCoiste Feidhmiúcháin maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chinntí agus mholtaí an Bhoird Rialaithe.

---

[26] HU: grinnscrúdú

5. Ullmhóidh an Coiste Feidhmiúcháin an plé a dhéanfar ar dhréacht-ionchur EIT faoin togra ón gCoimisiún maidir le COSN a bheith á ghlacadh ag an mBord Rialaithe. Ina theannta sin, ullmhóidh an Coiste Feidhmiúcháin plé an Bhoird Rialaithe ar an dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair, an dréacht-tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, an buiséad bliantúil agus na dréachtchuntais bhliantúla agus an clár comhardaithe sula gcuirfear faoi bhráid an Bhoird Rialaithe iad.

6. Déanfar cinntí an Choiste Feidhmiúcháin a ghlacadh le tromlach na gcomhaltaí a bheidh i láthair. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta.

7. Beidh an t-ionadaí ón gCoimisiún rannpháirteach i gcruinnithe Choiste Feidhmiúcháin, gan an ceart vótála aige. Beidh sé de cheart ag an ionadaí ón gCoimisiún pointí a mholadh ar chlár oibre an Bhoird Rialaithe.

8. Beidh an Stiúrthóir rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste Feidhmiúcháin, gan an ceart vótála aige.

9. Gníomhóidh comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin chun leasa EIT, agus déanfaidh siad a spriocanna, a mhisean, a chéannacht, a neamhspleáchas agus a chomhsheasmhacht a choimirciú ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach. Tuairisceoidh siad don Bhord Rialaithe maidir leis na cinntí a glacadh agus na cúraimí a shann an Bord Rialaithe dóibh.

**ROINN 5**

*AN STIÚRTHÓIR*

1. Duine a bheidh sa Stiúrthóir a bhfuil saineolas aige nó aici agus ardcháil air nó uirthi sna réimsí ina bhfeidhmíonn EIT. Beidh an Stiúrthóir ina bhall nó ina ball foirne de EIT agus is mar ghníomhaire sealadach a fhostófar é nó í faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

2. Ceapfaidh an Bord Rialaithe an Stiúrthóir ó liosta iarrthóirí a mholfaidh an Coimisiún tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach. Chun conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe ionadaíocht ar EIT.

3. Ceithre bliana a mhairfidh téarma oifige an Stiúrthóra. Féadfaidh an Bord Rialaithe, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún lena gcuirtear san áireamh an mheastóireacht a rinne sé ar fheidhmíocht an Stiúrthóra agus ar chúraimí agus ar dúshláin EIT amach anseo, síneadh ama a chur leis an téarma oifige sin uair amháin suas le dhá bhliain. Ní fhéadfaidh Stiúrthóir a bhfuil síneadh curtha lena théarma nó lena téarma oifige a bheith rannpháirteach in aon nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna.

4. Ní fhéadfar an Stiúrthóir a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón mBord Rialaithe ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún.

5. Beidh an Stiúrthóir freagrach as oibríochtaí agus as EIT a bhainistiú ó lá go lá agus is é nó is í an Stiúrthóir a bheidh ina ionadaí nó ina hionadaí dlíthiúil air. Beidh an Stiúrthóir freagrach don Bhord Rialaithe agus tuairisceoidh sé nó sí dó ar bhonn leanúnach maidir le forbairt EIT agus maidir le gach gníomhaíocht a thagann faoina gcúram.

6. Déanfaidh an Stiúrthóir an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) gníomhaíochtaí EIT a eagrú agus a bhainistiú;

(b) tacaíocht a thabhairt don Bhord Rialaithe agus don Choiste Feidhmiúcháin ina gcuid oibre, an rúnaíocht a chur ar fáil dá gcruinnithe agus gach faisnéis is gá a sholáthar chun go bhféadfaidh siad a ndualgais a chur i gcrích;

(c) tacaíocht a thabhairt don Bhord Rialaithe maidir le hionchur EIT faoin togra ón gCoimisiún maidir le COSN a ullmhú;

(d) an dréacht-doiciméad clársceidealaithe aonair, an dréacht-tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí agus an dréachtbhuiséad bliantúil a ullmhú d'fhonn iad a chur faoi bhráid an Bhoird Rialaithe;

(e) an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh PENanna a ullmhú agus a riaradh agus a áirithiú go gcuirfear na céimeanna éagsúla den phróiseas sin i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach agus oibiachtúil, faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe. Cuirfear tuarascáil mhionsonraithe ar an bpróiseas roghnúcháin i gceangal leis an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí;

(f) creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta agus comhaontuithe deontais le PENanna a ullmhú, a chaibidil agus a thabhairt i gcrích faoi údarú an Bhoird Rialaithe;

(fa) meabhráin chomhair a ullmhú agus a chaibidil le PENanna agus, faoi réir formheas deiridh ag an mBord Rialaithe, iad a thabhairt i gcrích i gcomhréir le Roinn 2(1)fa de na Reachtanna;

(g) comhaontuithe deontais a ullmhú, a chaibidil agus a thabhairt i gcrích le heintitis dhlítheanacha eile, le comhaontú ón mBord Rialaithe;

(h) cruinnithe Fhóram na nGeallsealbhóirí agus Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát a eagrú, agus cumarsáid éifeachtach a áirithiú leo, faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe;

(i) meabhráin tuisceana le Ballstáit, tíortha comhlachaithe nó tríú tíortha a shíniú le húdarú an Bhoird Rialaithe, agus é mar chuspóir aige nó aici EIT a chur chun cinn ar fud an domhain;

(j) a áirithiú go ndéanfar nósanna imeachta éifeachtúla faireacháin, measúnaithe agus meastóireachta maidir le feidhmiú PENanna a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 2.1 pointe (i), faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe;

(k) beidh an Stiúrthóir freagrach as cúrsaí riaracháin agus airgeadais, i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, lena n-áirítear buiséad EIT a chur chun feidhme, agus aird chuí á tabhairt ar an gcomhairle a gheofar ón bhFeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí;

(l) na dréachtchuntais bhliantúla agus an clár comhardaithe a chur faoi bhráid na Feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí agus, ina dhiaidh sin, faoi bhráid an Bhoird Rialaithe;

(m) a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí EIT maidir leis na conarthaí agus na comhaontuithe atá tugtha i gcrích aige, faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe;

(n) cumarsáid éifeachtach a áirithiú le hinstitiúidí an Aontais, faoi mhaoirseacht an Bhoird Rialaithe. Ina theannta sin, Grúpa Ionadaithe na mBallstát a chur ar an eolas faoi thorthaí na ngníomhaíochtaí faireacháin, measúnaithe agus meastóireachta agus tuairimí Ghrúpa Ionadaithe na mBallstát a tharchur chuig an mBord Rialaithe;

(o) gníomhú chun leasa EIT, agus a spriocanna agus a mhisean, a chéannacht, a neamhspleáchas agus a chomhsheasmhacht a choimirciú ar bhealach neamhspleách agus trédhearcach.

7. Cuirfidh an Stiúrthóir i gcrích aon chúram eile a chuireann an Bord Rialaithe air nó uirthi agus atá faoina fhreagracht.

ROINN 5a

*GRÚPA IONADAITHE na mBALLSTÁT*

1. Déanfaidh Grúpa Ionadaithe na mBallstát an méid seo a leanas:
   a) comhairle a thabhairt do EIT agus do PENanna agus taithí a chomhroinnt leo;
   b) comhairle a thabhairt don Bhord Rialaithe agus don Stiúrthóir maidir le saincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo;
   c) comhairle a thabhairt don Bhord Rialaithe agus don Stiúrthóir maidir le síneadh a chur leis na creat-chomhaontuithe comhpháirtíochta le PENanna nó iad a fhoirceannadh agus maidir leis an meabhrán comhair le PEN a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le Roinn 3(5a.).

2. Cuirfear Grúpa Ionadaithe na mBallstát ar an eolas go tráthrialta agus tabharfar dó tuairimí ar fheidhmíocht agus ar ghníomhaíochtaí EIT agus PENanna agus ar a bhfuil bainte amach acu, ar na torthaí faireacháin agus meastóireachta, ar na táscairí feidhmíochta agus ar na bearta ceartaitheacha.

## ROINN 6

*FOIREANN EIT AGUS SAINEOLAITHE NÁISIÚNTA AR IASACHT*

1. Is iad comhaltaí foirne a bheidh fostaithe go díreach ag EIT a bheidh ar fhoireann EIT. Na Rialacháin Foirne, Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile agus na rialacha arna nglacadh le comhaontú idir institiúidí an Aontais chun éifeacht a thabhairt dóibh, beidh feidhm acu maidir le foireann EIT.

2. Féadfar saineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht do EIT ar feadh tréimhse theoranta. Glacfaidh an Bord Rialaithe forálacha lena gcuirfear ar chumas saineolaithe náisiúnta a bheidh ar iasacht obair a dhéanamh in EIT agus lena saineofar cearta agus freagrachtaí na saineolaithe sin.